Parlaimint na hEorpa
2019-2024

An Coiste um Iascach

2023/0147(NLE)

4.10.2023

***

DRÉACHTMHOLADH

ar an togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais, an Phrótacail maidir le cur chun feidhme an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Iascaigh idir an Comhphobal Eorpach, de pháirt amháin, agus Poblacht Chiribeas, den pháirt eile (2023-2028)
(COM(2023)0251 – C9-xxxx/2023 – 2023/0147(NLE))

An Coiste um Iascach

Rapóirtéir: João Pimenta Lopes

Eochair do na siombailí a úsáidtear

*	An nós imeachta comhairliúcháin
***	Nós imeachta an toilithe
***I	An gnáthnós imeachta reachtach (an chéad léamh)
***II	An gnáthnós imeachta reachtach (an dara léamh)
***III	An gnáthnós imeachta reachtach (an tríú léamh)

(Braitheann an cineál nós imeachta ar an mbunús dlí a mholtar sa dréachtghníomh.)

ACHOIMRE

Leathanach

DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA 4

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN 5

DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

ar an togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais, an Phrótacail maidir le cur chun feidhme an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Iascaigh idir an Comhphobal Eorpach, de pháirt amháin, agus Poblacht Chiribas, den pháirt eile (2023-2028)
(COM(2023)0251 – C9-xxxx/2023 – 2023/0147(NLE))

(Toiliú)

Tá Parlaimint na hEorpa,

– ag féachaint don togra le haghaidh cinneadh ón gComhairle (COM(2023)0251),

– ag féachaint don dréacht-Phrótacal maidir le cur chun feidhme an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Iascaigh idir an Comhphobal Eorpach, de pháirt amháin, agus Poblacht Chiribeas, den pháirt eile (2023-2028) (9890/2023),

– ag féachaint don iarraidh ar thoiliú a thíolaic an Chomhairle i gcomhréir le hAirteagal 43(2) agus le hAirteagal 218(6), an dara fomhír, pointe (a)(v) mar aon le hAirteagal 218(7) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (C9-xxxx/2023),

– ag féachaint do Riail 105(1) agus (4) agus do Riail 114(7) dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Buiséid,

— ag féachaint don mholadh ón gCoiste um Iascach (A9-xxxx/2023),

1. ag tabhairt a toilithe do thabhairt i gcrích an Phrótacail;

2. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig rialtais agus parlaimintí na mBallstát agus Phoblacht Chiribeas.

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN

Réamhrá

Tá an tAontas Eorpach (AE) tar éis roinnt Comhaontuithe Comhpháirtíochta Iascaigh (FPAnna), chomh maith le prótacail, a shíniú le tríú tíortha. Trí mheán FPAnna, soláthraíonn AE tacaíocht airgeadais agus theicniúil mar mhalairt ar chearta iascaireachta le haghaidh stoic bharrachais i limistéar eacnamaíoch eisiach (LEE) na tíre, i dtimpeallacht atá rialáilte le dlí. Féadfaidh na comhaontuithe sin díriú freisin ar chaomhnú acmhainní agus ar inbhuanaitheacht an chomhshaoil, ag áirithiú go bhfuil gach soitheach de chuid Bhallstát AE faoi réir na rialacha céanna maidir le rialú agus trédhearcacht, agus ag déanamh ranníocaíochtaí airgeadais chun tacú le beartas iascaigh inbhuanaithe féin na tíre comhpháirtíochta. Ag an am céanna, áiríodh clásal i ndáil le hurraim do chearta an duine i ngach prótacal a ghabhann le comhaontuithe iascaigh.

Síníodh an Comhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh (FPA) idir an Comhphobal Eorpach, de pháirt amháin, agus Poblacht Chiribeas, den pháirt eile, an 28 Aibreán 2008 agus tháinig sé i bhfeidhm an 30 Aibreán 2008 ar feadh tréimhse 6 bliana. Chuaigh an chéad Phrótacal maidir le cur chun feidhme an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Iascaigh in éag an 15 Meán Fómhair 2012. Chuaigh an dara Prótacal in éag an 15 Meán Fómhair 2015.

An 26 Eanáir 2015 d'údaraigh an Chomhairle an Coimisiún le tús a chur le caibidlíocht maidir le Prótacal nua idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Chiribeas. Cuireadh tús leis an gcaibidlíocht in 2015 ach cuireadh isteach orthu le próiseas cártaí buí NNN agus leis an bpaindéim.

Tar éis na caibidlíochta sin, shínigh na hidirbheartaithe an Prótacal nua an 18 Nollaig 2022. Tá an Prótacal nua i bhfeidhm ar feadh tréimhse 5 bliana ó dháta a chur i bhfeidhm shealadaigh, i.e. ón dáta a shínigh an dá phairtí é.

Ábhar an Phrótacail

Tá sé mar aidhm ag an togra údarú na Comhairle a fháil maidir le tabhairt i gcrích an Phrótacail maidir le cur chun feidhme an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Iascaigh idir an Comhphobal Eorpach, de pháirt amháin, agus Poblacht Chiribeas, den pháirt eile (2023-2028).

Deiseanna Iascaireachta

Tá sé d'aidhm ag an bPrótacal nua deiseanna iascaireachta a dheonú do shoithí de chuid Bhallstát AE sna limistéir iascaireachta laistigh d'uiscí Chiribeas i gcomhréir leis an gcomhairle eolaíoch agus leis na moltaí ón gCoimisiún Iascaigh don Aigéan Ciúin Iartharach agus don Aigéan Ciúin Láir.

Leis an bPrótacal nua, ceadaítear do shoithí Bhallstáit an Aontais speicis tuinníní a iascach in uiscí Chiribeas agus cuireann sé deiseanna iascaireachta ar fáil do cheithre shoitheach peas-saighne tuinníní, le rochtain ar uiscí Chiribeas ar feadh 160 lá in aghaidh na bliana. Is féidir laethanta breise a chur ar fáil do shoithí de chuid Bhallstát AE, arna iarraidh sin.

Ranníocaíocht airgeadais

Is é EUR 760 000 ranníocaíocht airgeadais bhliantúil an Aontais, a dháilfear mar seo a leanas:

méid bliantúil arna shocrú ag EUR 360 000 ar feadh thréimhse an Phrótacail nua chun rochtain a fháil ar acmhainní iascaigh le haghaidh na gcatagóirí dá bhforáiltear sa Phrótacal;

— tacaíocht d'fhorbairt bheartas earnála iascaigh Chiribeas arb é atá inti EUR 400 000 in aghaidh na bliana, ar feadh thréimhse an Phrótacail nua.

Cumhachtófar an Coimisiún, thar ceann an Aontais, na leasuithe ar an bPrótacal a fhormheas arna nglacadh ag an gComhchoiste arna chur ar bun faoin gComhaontú Comhpháirtíochta.

Rannchuidiú na n-iascach le geilleagar Chiribeas

I measc na gcabhlach iascaireachta de chuid Chiribeas tá soithí beaga agus soithí tionsclaíocha a bhfuil bratach Chiribeas ar foluain acu. Díríonn an cabhlach mionscála ar na hacmhainní iascaigh sceireacha agus tuinníní atá ar fáil gar don chósta, agus meastar gurb ionann gabhálacha tuinníní agus beagnach 13 000 tona in aghaidh na bliana atá ceaptha do mhargadh inmheánach AE.

Gach soitheach tionsclaíoch a bhfuil bratach Chiribeas ar foluain acu, is le cuibhreannais a bhfuil leasanna áitiúla agus eachtracha ag baint leo, ón Áise den chuid is mó. Is é an phríomhdhreasacht d'infheisteoirí go bhfuil rochtain fhabhrach ag soithí a bhfuil bratach Chiribeas ar foluain acu ar uiscí Stát cósta eile faoi théarmaí an Chomhaontaithe maidir le Stáit Chónaidhme na Micrinéise. De réir údaráis Chiribeas, ní thugann na cuibhreannais ar fad na tairbhí ionchasacha don tír, agus tá na húdaráis inniúla i mbun athbhreithniú a dhéanamh ar an mbeartas clárúcháin náisiúnta.

Braitheann Ciribeas go mór ar tháillí ceadúnais cianiascaireachta agus ar sheoltáin ó shaoránaigh Chiribeas atá fostaithe thar lear, mar mharaithe den chuid is mó. Is ionann earnáil an iascaigh agus thart ar 10 % den OTI i dtéarmaí réadacha.

Faigheann Ciribeas, cosúil le baill eile de Ghníomhaireacht Iascaigh Fhóram Oileáin an Aigéin Chiúin, ioncam ó chonradh iltaobhach a síníodh leis na Stáit Aontaithe. Tá comhaontuithe déthaobhacha iascaigh aige leis an Aontas Eorpach, leis an tSeapáin, leis an Téaváin agus le Poblacht na Cóiré, chomh maith le comhaontuithe sonracha le cuideachtaí príobháideacha le soithí atá ag feidhmiú i Meiriceá Laidineach (Eacuadór agus an tSalvadóir).

Go traidisiúnta, is ionann ioncam ó cheadúnais iascaireachta agus 23-30 % d'ioncam rialtas Chiribeas (CAI, 2011). Athraíonn an t-ioncam ó na ceadúnais sin go forleathan, de ghnáth mar thoradh ar imeachtaí *El Niño*. Tá nasc láidir idir flúirse/infhaighteacht stoic mhéadaithe agus dálaí comhshaoil i réigiún an oirthir (Langley et al., 2008).

Conclúid agus moltaí

In 2014, rinne an Coimisiún meastóireacht *ex post* ar an bPrótacal reatha a ghabhann leis an gComhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh le Ciribeas, chomh maith le meastóireacht *ex ante* ar athnuachan féideartha an Phrótacail[1].

[1]Gnóthaí Muirí agus Iascaigh: Meastóireacht *ex post* ar an bPrótacal reatha a ghabhann leis an gComhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Chiribeas, agus meastóireacht *ex ante* lena n-áirítear anailís ar thionchar an Phrótacail a bheidh ann amach anseo ar an inbhuanaitheacht.

Rinneadh an mheastóireacht *ex post* ar an bPrótacal le haghaidh na tréimhse 2012-2015 roimh chaibidlíocht an Phrótacail nua. Baineadh de thátal as an meastóireacht go mbeadh sé tairbheach Prótacal nua a thabhairt i gcrích le Ciribeas. Go háirithe, thángthas ar an gconclúid sa mheastóireacht ex ante gur chun leas an dá pháirtí é leanúint ar aghaidh leis an gComhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh, agus go bhfuil breisluach soiléir ann a bhaineann le rannpháirtíocht an Aontais chun tacú lena straitéis atá dírithe ar chleachtais fhreagracha iascaireachta a chur chun cinn agus ar iascaireacht neamhdhleathach, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte (NNN) a chomhrac i Réigiún an Aigéin Chiúin.

Ag leaúint na hanailíse ón gCúirt Iniúchóirí maidir le FPAnna, ba mhaith leis an rapóirtéir béim a leagan ar bharúlacha na Cúirte agus ar an tábhacht a bhaineann le faisnéis iontaofa faoi acmhainní iascaigh agus sonraí gabhála chun go n-urramófaí na prionsabail agus na cuspóirí a chumhdaíonn an Comhbheartas Iascaigh agus na FPAnna, agus chun teacht ar chonclúidí stóinseacha i ndáil le meastóireacht ar FPAnna.

Cuireann an rapóirtéir i bhfios go láidir nach mór an Pharlaimint a choinneáil ar an eolas go hiomlán agus láithreach ag gach céim faoi nósanna imeachta a bhaineann leis an bPrótacal.

Breithnithe ginearálta

Creideann an Rapóirtéir go bhfuil Comhaontuithe Comhpháirtíochta Iascaigh tábhachtach do na tríú tíortha lena dtugtar i gcrích iad agus do chabhlach Bhallstáit AE a bhfuil deiseanna iascaireachta aige.

Measann sé go bhfuil leibhéil éagsúla ag formhór na gComhaontuithe Comhpháirtíochta Iascaigh maidir leis an méid a bhaineann siad amach: ar thaobh amháin, cuirtear deiseanna suntasacha iascaireachta ar fáil leo do shoithí ó Bhallstáit an Aontais, ach ar an taobh eile, ní leor, tríd is tríd, na torthaí a baineadh amach maidir le hearnáil an iascaigh áitiúil a fhorbairt.

Dá bhrí sin, tá sé den tuairim gur cheart tacaíocht earnála a neartú agus a fhorlíonadh agus a nascadh le cabhair um fhorbairt, d'fhonn rannchuidiú le neartú na n-earnálacha iascaireachta áitiúla agus le feidhmiú iomlán cheannasacht na tíre ar a hacmhainní.

Ina theannta sin, creideann sé gur cheart go rannchuideodh Comhaontuithe Comhpháirtíochta Iascaigh le poist dhíreacha agus indíreacha a chruthú go háitiúil, i gcás soithí a oibríonn faoi na comhaontuithe agus i ngníomhaíochtaí a bhaineann le hiascaireacht araon, idir ghníomhaíochtaí réamhtheachtacha agus iartheachtacha. Ba cheart dóibh cabhrú freisin leis na tríú tíortha lena dtugtar comhaontuithe i gcrích chun a gcumas féin a fhorbairt chun staidéar a dhéanamh agus sonraí a fháil maidir le hacmhainní iascaigh a chaomhnú, maidir le gach gabháil agus maidir le tionchar na gComhaontuithe Comhpháirtíochta Iascaigh ar a n-éiceachórais.

---

https://webgate.ec.testa.eu/publications/studie s db/Consultation.action?studyProjectId=5911